Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2019**
**(OR. en)**

**10102/19**

**TELECOM 252**
**DIGIT 112**
**CYBER 197**
**COMPET 482**
**RECH 322**
**PI 96**
**MI 503**
**EDUC 293**
**FISC 288**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | - *an Chomhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh an 7 Meitheamh 2019*<br>Conclúidí maidir le hEoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: "Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach"<br>- *Glacadh* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, téacs na gconclúidí ón gComhairle maidir le h"Eoraip ard-digiteach don tréimhse ó 2020 amach: "Borradh a chur faoin iomaíocht dhigiteach agus eacnamaíoch ar fud an Aontais agus comhtháthú digiteach"", arna nglacadh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ag an gcruinniú a bhí aici ar an 7 Meitheamh 2019.

**IARSCRÍBHINN**

**EORAIP ARD-DIGITEACH DON TRÉIMHSE Ó 2020 AMACH: BORRADH A CHUR FAOIN IOMAÍOCHT DHIGITEACH AGUS EACNAMAIOCH AR FUD AN AONTAIS AGUS COMHTHÁTHÚ DIGITEACH**

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AG MEABHRÚ DI

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2019 maidir le Muinín a Chothú san Intleacht Shaorga Duine-Lárnaithe,
- Conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 agus an 22 Márta 2019 maidir le poist, fás agus iomaíochas,
- Cruinniú Neamhfhoirmiúil na nAirí ar an 1 Márta 2019 maidir le hEoraip ard-digiteach tar éis 2020,
- Conclúidí ón gComhairle an 18 Feabhra 2019 maidir leis an bplean comhordaithe um intleacht shaorga,
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún ar an 7 Nollaig 2018 maidir leis bplean comhordaithe um intleacht shaorga agus an Iarscríbhinn a ghabhann leis dar teideal "Plean Comhordaithe um Fhorbairt agus Úsáid na hIntleachta Saorga Arna Déanamh san Eoraip - 2018",
- Conclúidí ón gComhairle an 4 Nollaig 2018 maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Broadband in the EU Member States: despite progress not all the Europe 2020 targets will be met* [An Leathanbhanda sna Ballstáit: in ainneoin an dul chun cinn ní chomhlíonfar spriocanna uile Eoraip 2020].
- Conclúidí ón gComhairle an 27 Samhain 2018 maidir le hábhar Eorpach sa gheilleagar digiteach a neartú,
- Tuarascáil Speisialta Uimh. 12/2018 an 5 Meitheamh 2018 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: *Broadband in the EU Member States: despite progress not all the Europe 2020 targets will be met* [An Leathanbhanda sna Ballstáit: in ainneoin an dul chun cinn ní chomhlíonfar spriocanna uile Eoraip 2020],
- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2018 maidir le hintleacht shaorga don Eoraip,

- Dearbhú Thaillinn maidir leis an rRialtas an 6 Deireadh Fómhair 2017,

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Bealtaine 2017 maidir leis an athbhreithniú meán-téarmach ar chur chun feidhme na Straitéise maidir leis an Margadh Aonair Digiteach "Margadh Aonair Digiteach Nasctha do Chách, 2017",

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le Nascacht le haghaidh Margadh Aonair Digiteach Iomaíoch – i dtreo Sochaí Eorpach Ghigighiotáin,

- Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2015 i ndáil le 'Straitéis maidir le Margadh Aonair Digiteach don Eoraip'.

1. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR go bhfuil an digiteáil ríthábhachtach d'iomaíochas, d'fhorbairt eacnamaíoch, do chomhsheasmhacht agus do shlándáil na hEorpa. Dá bhrí sin is tasc práinneach don Eoraip é aghaidh a thabhairt ar dheiseanna agus ar dhúshláin a bhaineann leis an digiteáil. Tá buntáiste iomaíoch an Aontais ag brath ar gheilleagar digiteach inbhuanaithe atá faoi stiúir daoine. Ní mór dúinn a áirithiú go bhféadfaidh saoránaigh uile na hEorpa leas forleathan a bhaint as an bpróiseas sin agus go mbeidh gach gnólacht Eorpach, beag beann ar an méid, láthair agus cineál, in ann fás agus dul i mbun iomaíochta ar bhonn domhanda, nach bhfágfar aon duine ar lár sa chlaochlú digiteach, go gcuirfear inscne sa áireamh i ngach réimse den digiteáil, lena n-áirítear líon na mban in earnáil na teicneolaíochta a mhéadú, agus go mbainfidh gach grúpa leochaileach tairbhe as an digitiú;

2. MEABHRAÍONN SÍ na tréaniarrachtaí a rinne na Ballstáit agus institiúidí inniúla an Aontais chun fíor-mhargadh aonair digiteach a chruthú. LEAGANN SÍ BÉIM ar thorthaí na Straitéise maidir le Margadh Aonair Digiteach agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cur chun feidhme agus forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais a áirithiú. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún breithniú ar bhacainní trasteorann gan údar agus measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht agus comhsheasmhacht na reachtaíochta atá ann cheana. Ba cheart an measúnú cuimsitheach sin ar an gcreat rialála atá ann cheana a bheith comhoiriúnach le cur chuige spriocdhírithe, sofhreagrúil, fíric-bhunaithe, réitigh fadhbanna, le gníomhaíochtaí iomchuí nuair is gá sin;

3. MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint de gheallsealbhóirí a thabhairt le chéile, i dtionscadail agus éiceachórais chomhoibríocha, agus pleananna gníomhaíochta fadtéarmacha Eorpacha a fhorbairt, agus tosaíochtaí na mBallstát á gcur san áireamh. IARRANN SÍ ar institiúidí inniúla an Aontais gníomhú i gcomhar le chéile ar bhonn comhordaithe d'fhonn beartas digiteach comhleanúnach réamhbhreathnaitheach a bheith ann, beartas atá fianaise-bhunaithe, a chuireann an tslándáil trí dhearadh chun cinn agus a chumasaíonn teicneolaíochtaí agus samhlacha gnó nua gan ualaigh ná costais neamhriachtanacha ná bacainní ar an nuálaíocht a fhorchur. Ba cheart dóibh aird a thabhairt ar an ngá le muinín agus slándáil dhigiteach, lena n-áirítear táirgí agus seirbhísí TCF, agus ilroinnt an mhargaidh aonair a íoslaghdú, le creat Eorpach éifeachtach, trédhearcach, comhleanúnach mar aidhm acu;

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cur chuige comhtháite a chur ar bun chun aghaidh a thabhairt ar na deiseanna reatha agus na deiseanna atá ag teacht chun cinn, agus ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn, go háirithe trí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ghné gan teorainn an gheilleagair dhigitigh agus úsáid na bhfeidhmchlár agus an bhonneagair dhigitigh, agus cumhacht a thabhairt do shaoránaigh agus meas a léiriú ar a gcearta maidir le príobháideachas, rúndacht na sonraí cumarsáide leictreonaí agus cosaint sonraí pearsanta, cosaint tomhaltóirí agus nuálaithe agus cruthaitheoirí, go háirithe trí chearta maoine intleachtúla, inrochtaineacht a éascú, feabhas a chur ar an trádáil trasteorann , lena n-áirítear trí chomhchuibhiú spriocdhírithe agus aitheantas frithpháirteach, teicneolaíochtaí ríthábhachtacha a fhorbairt, líonra na Mol Nuálaíochta Digití Eorpach a chur chun cinn, deiseanna do mhéadú FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn, ardleibhéal digitithe a bhaint amach agus páirt a ghlacadh i slabhraí luacha domhanda. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gealltanas a thabhairt maidir le hiomaíochas domhanda agus ceannasacht dhigiteach na sochaithe sóisialta san Eoraip a chur chun cinn;

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil éiceachóras bríomhar digiteach, ina gcuimseofar gnólachtaí de gach méid, ag teastáil chun geilleagar digiteach inbhuanaithe a áirithiú. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún a áirithiú go mbeidh na dálaí cearta creata i bhfeidhm d'fhonn cumas méadúcháin ghnólachtaí na hEorpa a neartú a chruthóidh dá réir sin deiseanna do chuideachtaí beaga nuálaíocha fás sa mhargadh aonair agus do ghnólachtaí digiteacha feidhmiú ar fud an domhain;

6. CUIREANN SÍ I dTREIS go bhfuil gá leis na nithe seo a leanas:

- bacainní gan údar ar an nuálaíocht agus ar an bhfás a bhaint, ach ag an am céanna dálaí an tsaothair, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, éagsúlacht chultúrtha agus teanga agus cearta agus deiseanna chun na scileanna digiteacha agus an t-eolas digiteach is déanaí a fháil agus leasa ginearálta eile a chosaint.
- An Eoraip a bheith ina spás chun forbairt cuideachtaí nua digiteacha san Aontas a chumasú, cuideachtaí a bheadh in ann a bheith ar thús cadhnaíochta an tsaoil dhigitigh amach anseo. I ndáil leis an méid sin, ní mór don Eoraip na bacainní airgeadais agus riaracháin gan údar ar fhiontraíocht dhigiteach a laghdú, agus daoine tréitheacha a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil chun borradh a chur faoi chruthú agus méadú cuideachtaí nuathionscanta san Eoraip.
- coinníollacha don iomaíocht chothrom agus saoirse éifeachtach rogha an tomhaltóra i ngnóthaí digiteacha i measc nithe eile trí fhorfheidhmiú éifeachtach dlí iomaíochais a bheidh in ann an aimsir a sheasamh, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar an ngá le nuashonrú ar an gcreat iomaíochais, lena rathófar margadh aonair digiteach a bheidh iomaíoch agus nuálaíoch.
- ár gcórais chánachais a oiriúnú don ré dhigiteach, agus ag an am céanna cánachas cothrom, éifeachtach a áirithiú, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2018 agus an 22 Márta 2019,

7. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur cheart cumas cibearshlándála na hEorpa a threisiú d'fhonn a bonneagair, táirgí, seirbhísí agus úsáideoirí digiteacha a chosaint, agus a hiomaíochas dhomhanda agus a ceannasacht dhigiteach a chaomhnú. CUIREANN SÍ I bhFIOS nach mór rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú go ndéanfar ardleibhéal cibear-shlándála ar fud an Aontais a áirithiú. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá sé eintitis ábhartha chibearshlándála a fhorbairt a bheidh oscailte don earnáil phríobháideach agus don earnáil phoiblí, cibear-athléimneacht a mhéadú agus cumas teicneolaíochta agus tionsclaíoch a neartú agus an chibearshlándáil a athrú ina buntáiste iomaíoch do chuideachtaí na hEorpa agus an gá le sineirgí idir an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí ar an leibhéal Eorpach a fheabhsú sa taighde agus forbairt i ndáil le réitigh nua chibearshlándála;

8. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá machnamh a dhéanamh agus aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin a eascraíonn ón digitiú i dtaca le caomhnú comhshaoil, aeráide agus dúlra trí ionstraimí beartais spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais, agus ar an dóigh sin ag cur le cur chuige inbhuanaithe ar an digiteáil san Aontas;

9. AITHNÍONN SÍ gur féidir leis an intleacht shaorga[1] agus le teicneolaíochtaí nua eile cuidiú le geilleagar níos éifeachtúla agus níos iomaíche a bhaint amach trí ghnólachtaí Eorpacha a neartú trí bhíthin a bpróisis a bharrfheabhsú, lena gcuirfear dlús lena gcumas iomaíochta. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur féidir leis na teicneolaíochtaí sin príomhdhúshláin shochaíocha amhail cúram sláinte feabhsaithe a réiteach, lena n-áirítear dul i ngleic leis na dúshláin atá os comhair sochaithe atá ag dul in aois, córas leasa shóisialta inbhuanaithe agus slándáil bia a bhaint amach agus an t-athrú aeráide a chomhrac. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-urramófaí go hiomlán cearta saoránach den Aontas agus borradh a chur faoi mhuinín tomhaltóirí agus úsáideoirí trí threoirlínte eiticiúla a phíolótú chun an intleacht shaorga a fhorbairt agus a úsáid ionas go mbeadh eitic san intleacht shaorga ina buntáiste iomaíoch don Eoraip. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh faoi mheastóireacht a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana d'fhonn déileáil leis na dúshláin agus na deiseanna a eascraíonn ó fhorbairtí teicneolaíocha nua, *inter alia*, creat iontaofa a chruthú d'fhonn an intleacht shaorga a chur chun feidhme ar bhealach duine-lárnaithe lena ndéanfaí prionsabail eiticiúla agus bunluachanna a choimirciú. TACAÍONN SÍ leis an iarracht atá á déanamh ag an gCoimisiún cur chuige eiticiúil an Aontais a chur os comhair an tsaoil agus MOLANN SÍ go gcuirfí chun cinn é sna tionscnaimh idirnáisiúnta maidir leis an intleacht shaorga, amhail tionscnamh OECD agus an Phainéil Idirnáisiúnta maidir leis an Intleacht Shaorga;

10. MOLANN SÍ GO LÁIDIR go ndéanfaí beartas Eorpach lena dtabharfaí tacaíocht don nuálaíocht agus lena gcothófaí príomhtheicneolaíochtaí digiteacha Eorpacha ag an am céanna, lena n-éascófaí forbairt agus úsáid na hintleachta saorga, ach ní hamháin sin, ach lena n-áiritheofaí go ndéanfaí í a chomhtháthú le próisis inmheánacha cuideachtaí de gach méid: idir ghnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus ghnólachtaí atá i mbun fáis, agus lena n-áiritheofaí comhar idirnáisiúnta freisin ionas go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal domhanda san earnáil sin. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur gá infheistíochtaí a dhéanamh sa taighde agus nuálaíocht agus i mbonneagair theicneolaíochta mar aon le fiontraíocht dhigiteach a chur chun cinn agus a mhaoiniú ionas go mbeidh cuideachtaí in ann méadú agus príomhtheicneolaíochtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga a úsáid ar an leibhéal domhanda;

---

[1] Doiciméad an 8 Aibreáin 2019 ón Sainghrúpa Ardleibhéil neamhspleách i dtaca leis an Intleacht Shaorga: *Ethics Guidelines for Trustworthy AI* [Treoirlínte Eitice le haghaidh Intleacht Shaorga Iontaofa].

11. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an ról ríthábhachtach a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- cur chuige duine-lárnaithe a ghlacadh, lena n-urramaítear na luachanna eiticiúla atá fite fuaite le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus cé go n-aithnítear an tsaoirse chun gnó a chur i gcrích, urraim don phríobháideachas, do chearta cosanta sonraí agus do chearta maoine intleachtúla a áirithiú agus rialacha maidir le sábháilteacht táirgí agus maidir le dliteanas i leith táirgí a áirithiú,
- comhar an Aontais, comhar idirnáisiúnta agus comhar idir go leor geallsealbhóirí a fheabhsú ag cuidiú, ar an gcaoi sin, le ról gníomhach a ghlacadh sa phlé idirnáisiúnta agus le cur chuige an Aontais ar an leibhéal domhanda a neartú,
- páirt a ghlacadh san obair chun caighdeáin theicniúla a fhorbairt le haghaidh teicneolaíochtaí digiteacha,
- dea-chleachtais a mhalartú agus riachtanais dhlisteanacha maidir le rúndacht tráchtála á gcur san áireamh ag an am céanna,
- cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i leith comhroinnt sonraí ag tacú le gnólachtaí Eorpacha freisin, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus cuideachtaí meánchaipitlithe,
- cúnamh a thabhairt don earnáil phoiblí chun dul i mbun réitigh bunaithe ar an intleachta shaorga, agus muinín idir rialtais, saoránaigh agus cuideachtaí a fheabhsú;

12. AITHNÍONN SÍ an tábhacht a bhaineann le nascacht do gheilleagar na hEorpa. AITHNÍONN SÍ, thairis sin, gur gá an deighilt dhigiteach a líonadh agus cuimsitheacht shóisialta agus eacnamaíoch, éifeachtúlacht agus nuálaíocht a chur chun cinn agus chun na réigiúin, na tionscail, na riaracháin agus na saoránaigh nach bhfuil nasctha rómhaith a nascadh más gá, lena n-áirítear pobail na réigiún ísealioncaim, tuaithe agus is forimeallaí, agus á áirithiú ag an am céanna go mbeidh cumhachtú agus cuimsitheacht níos fearr ann agus go rachaidh níos mó saoránach, gnólachtaí, go háirithe FBManna, agus údarás poiblí i muinín ardteicneolaíochtaí digiteacha. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún Eorpach athbhreithniú a dhéanamh ar 'Threoirlínte an Aontais maidir le cur i bhfeidhm na rialacha státchabhrach i dtaca le himlonnú gasta líonraí leathanbhanda' agus iad a thabhairt cothrom le dáta, más gá, d'fhonn tacaíocht a thabhairt chun spriocanna na Sochaí Gigighiotáin a bhaint amach agus a áirithiú go láimhseálfar réamhfhógraí agus fógraí laistigh de thréimhse réasúnta ama, de bhrí go bhfuil imlonnú gasta na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear leathanbhanda sárghasta, riachtanach don iomaíochas Eorpach ar an leibhéal domhanda;

13. CUIREANN SÍ I dTREIS go gcaithfidh an Eoraip tairbhe a bhaint as na deiseanna a eascraíonn ón aistriú digiteach agus an éagsúlacht chultúrtha agus teanga a chaomhnú agus a sochaí a ullmhú tuilleadh do na dúshláin shocheacnamaíocha a bhaineann leis an méid sin, agus sainiúlachtaí áitiúla mar aon le hidirlíon oscailte cothrom á gcur san áireamh;

14. AITHNÍONN SÍ nach mór forbairt dhigiteach chun tairbhe cách a áirithiú, lena n-áirítear scileanna digiteacha a fhorbairt (e.g. scileanna digiteacha a bhfuil gá leo do na hearnálacha agus na seirbhísí tionsclaíocha, don chibearshlándáil agus do phríomhtheicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga agus ríomhaireacht ardfheidhmíochta), agus an deighilt dhigiteach á cosc, ar an gcaoi sin, agus dálaí á gcruthú i gcomhair geilleagar digiteach níos cuimsithí. Ní mór tús áite a thabhairt don oideachas, don oiliúint ghairmiúil, do chosaint shóisialta cineálacha nua oibre, lena n-áirítear le haghaidh grúpaí leochaileacha, mar aon le cearta sóisialta oibrithe, agus is i straitéis náisiúnta foghlama ar feadh an tsaoil is fearr a ghlacfaí an méid sin;

15. CUIREANN SÍ I dTREIS GO LÁIDIR gur gá go leanfaí den gheilleagar Eorpach sonraí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí taighde gaolmhara, más gá, a chur chun cinn, a fhorbairt agus a imlonnú trí straitéis Eorpach neartaithe maidir le sonraí, lena ráthófaí urraim don tsaoirse chun gnó a dhéanamh mar aon le cearta úsáideoirí agus cruthaitheoirí, lena n-áirítear saincheist na rochtana ar shonraí d'úsáideoirí agus cruthaitheoirí. SPREAGANN SÍ an Coimisiún agus na Ballstáit creat Eorpach comhleanúnach a fhorbairt le haghaidh comhroinnt sonraí a bheidh slán, idirinoibritheach agus iontaofa, agus forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, an Rialacháin maidir le saorshreabhadh sonraí neamhphearsanta agus na Treorach maidir le faisnéis ón earnáil phoiblí a athúsáid agus sonraí oscailte á n-urramú ina n-iomláine, chun borradh a chur faoi chomhroinnt dheonach sonraí agus athúsáid sraitheanna áirithe sonraí as a dtiocfadh teicneolaíochtaí digiteacha nuálaíocha amhail an intleacht shaorga, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, teicneolaíochtaí chandamacha, ríomhaireacht ardfheidhmíochta, teicneolaíocht mórleabhar dáilte (amhail blocshlabhra) agus seirbhísí um Fhaire na Cruinne. AITHNÍONN SÍ gur gá obair a dhéanamh chun creat cumasúcháin domhanda a chruthú d'fhonn iomaíocht chóir a chur chun cinn idir seirbhísí digiteacha agus gluaiseacht agus comhroinnt sonraí, lena n-áirítear forálacha lena n-éascaítear sreafaí sonraí idir margaí de réir comhaontuithe trádála atá go hiomlán i gcomhréir le creat dlí an Aontais. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún féachaint faoi bhealaí trína bhféadfaí na sonraí arna gcoinneáil ag an earnáil phríobháideach is suim ghinearálta leis an bpobal a oscailt agus a athúsáid tuilleadh, agus leasanna cuideachtaí amhail rúin trádála á n-urramú;

16. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá trédhearcacht, cothroime, cuntasacht agus freagracht agus algartaim á n-úsáid ionas go bhfeidhmeoidh ardáin ar líne ar fud an Aontais ar bhealach trédhearcach intuartha;

17. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé forbairt na Sochaí Gigighiotáin a chur chun cinn tuilleadh, go háirithe trí bhonneagar digiteach sárghasta seasta agus soghluaiste, lena n-áirítear 5G, a imlonnú, mar shampla trí bhinsí tástála a bhunú agus trína úsáid, ina theannta sin, in earnálacha difriúla den gheilleagar agus den tsochaí a chur chun cinn, agus é mar aidhm go ndéanfadh saoránaigh agus fiontair, lena n-áirítear FBManna, gréasáin leathanbhanda shárghasta a chumhdach agus a úsáid ina n-iomláine. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Rún ón gCoimisiún maidir le cibearshlándáil 5G a glacadh le déanaí ina leagtar amach roinnt gníomhaíochtaí nithiúla le cur chun feidhme laistigh de thréimhse ghearr, lena n-áirítear maidir le measúnuithe riosca agus OIBREOIDH SÍ chun é a chur chun feidhme. Tá cur chuige comhordaithe riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an tAontas fós ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal domhanda i ndáil le 5G a imlonnú;

18. CUIREANN SÍ I bhFIOS gur fearr is féidir nuálaíocht úrscothach a bhaint amach agus a choinneáil san Eoraip trí infheistíochtaí comhcheangailte comhordaithe ar leibhéal an Aontais agus ós amhlaidh atá, gan dochar don chaibidlíocht faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo, AITHNÍONN SÍ an méid a d'fhéadfaí a bhaint amach leis na tograí earnálacha, go háirithe an Clár don Eoraip Dhigiteach, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an Clár Spáis agus an pacáiste Fís Eorpach. Féadfar scéimeanna nuálaíocha cistithe a éascú trí chláir eile, go háirithe do ghnólachtaí nuathionscanta;

19. AITHNÍONN SÍ gur gá riaracháin phoiblí atá digitithe go héifeachtach chun rochtain níos fearr ar sheirbhísí poiblí a áirithiú do shaoránaigh, eagraíochtaí agus gnólachtaí ar fud na hEorpa. AITHNÍONN SÍ FREISIN go bhfuiltear ag súil go fabhróidh rialtais ar an leibhéal digiteach trí sheirbhísí digiteacha poiblí inn ar inn a chur ar fáil, ar sheirbhísí iad a bheidh oscailte, éifeachtúil agus cuimsitheach, gan teorainn, idirinoibritheach, pearsantaithe, furasta le húsáid, iontaofa agus slán. LEAGANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá prionsabail amhail digiteach mar réamhshocrú agus prionsabal na haonuaire. IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN a mhachnamh a dhéanamh ar an dul chun cinn a baineadh amach faoin bPlean Gníomhaíochta Ríomhrialtais agus na príomhdhúshláin i ndáil le seirbhísí trasteorann atá fós gan réiteach a shainaithint. LEAGANN SÍ BÉIM ar an ngá leis an mbonneagar digiteach Eorpach a chomhdhlúthú tuilleadh agus a athúsáid le caighdeáin chomhchoiteanna agus bunchlocha digiteacha (bonneagair seirbhísí digiteacha mar a thugtar orthu, e.g. an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (r-Sheachadadh), eID agus ríomhshonrascadh). AITHNÍONN SÍ gur tionscnamh suntasach í an Tairseach Aonair Dhigiteach lena n-áirithítear comhleanúnachas níos fearr i seirbhísí digiteacha poiblí na hEorpa agus cruthófar bonn criticiúil comhchoiteann le bonneagair seirbhísí digiteacha d'fhonn an tairseach a chur chun feidhme go rathúil;.

20. TACAÍONN SÍ le forbairt Idirlíon na Muiníne, cosc ar leathadh na fuathchainte chomh maith le hábhar foréigneach aindleathach ar an Idirlíon agus tacaíonn sí leis an gcomhrac i gcoinne na bréagaisnéise agus chúbláil na faisnéise mar dhlúthchuid de, ach gan a bheith teoranta don obair chun teacht aniar a fhorbairt i gcoinne bagairtí hibrideacha.

---